C/2025/5038

12.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11900 – INTUITIVE / AB MEDICA (DISTRIBUTION ACTIVITIES OF INTUITIVE PRODUCTS))

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5038)

1. An 5 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Intuitive Surgical, Inc. ('Intuitive', na Stáit Aontaithe),

— Gníomhaíochtaí dáileacháin ghrúpa AB Medica maidir le trealamh máinliachta Intuitive san Iodáil, i Málta, i San Mairíne, sa tSlóivéin, sa Spáinn agus sa Phortaingéil ('Spriocghnólacht', san Iodáil, sa Spáinn agus sa Phortaingéil),

Gheobhaidh Intuitive rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnólacht ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Intuitive gníomhach ar fud an domhain i soláthar trealaimh leighis amhail feistí máinliachta le haghaidh cúram íosionrach, lena n-áirítear córais mháinliachta le cúnamh róbataice agus córais bhronchoscópachta,

— Áirítear leis an Spriocghnólacht gníomhaíochtaí dáileacháin ghrúpa AB Medica maidir le trealamh leighis Intuitive san Iodáil, i Málta, i San Mairíne, sa tSlóivéin, sa Spáinn agus sa Phortaingéil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11900 – INTUITIVE / AB MEDICA (DISTRIBUTION ACTIVITIES OF INTUITIVE PRODUCTS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').